Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÁNNYSTRIE O
Lear

Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
Bangor
BT19 7PR

17 Meán Fómhair 2010

A Phríomhoide, a chara

Socruithe Measúnaithe le tacú le Curaclam Athbhreithnithe TÉ

I ndiaidh comhairliúcháin, tá comhaontú ann anois maidir le prionsabail ghinearálta na socruithe measúnaithe reachtúla nua a bheidh ann amach anseo le tacú le Curaclam athbhreithnithe TÉ (ar a n-áirítear na leibhéil dul chun cinn do na scileanna traschuraclaim).

Amscálaí lena gCur i bhFeidhm

I gCiorclán 2010/06, chuir muid in iúl nach dtabharfaí na socruithe measúnaithe nua seo isteach go dtí go raibh muid sásta go bhfuair múinteoirí agus príomhoidí an t-am, an oiliúint agus an tacaíocht a bheadh de dhíth leis na socruithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Agus é seo á chur san áireamh, chuaigh muid i gcomhairle le grúpaí príomhoidí, le ceardchumainn mhúinteoirí agus le CCEA faoi na hamscálaí lena dtabhairt isteach.

I ndiaidh dúinn an chomhairle seo a mheas, is féidir linn a dhearbhú anois **go dtabharfar isteach na socruithe measúnaithe reachtúla nua do Chumarsáid agus d'Úsáid Matamaitice sa scoilbhliain 2012-2013, agus na socruithe d'Úsáid TFC bliain amháin ina dhiaidh sin in 2013-2014.**

Clár Cur i bhFeidhm Measúnaithe

Beidh an Roinn ag obair i gcomhar leis na forais oideachasúla eile lena chinntiú go bhfaighidh múinteoirí agus príomhoidí an t-am, an oiliúint agus an tacaíocht a bheidh de dhíth leis na socruithe a chur i bhfeidhm; go mbeidh cleachtóirí páirteach sa phróiseas seo; agus go gcuirfear na socruithe nua in iúl go soiléir. Is taobh istigh den chomhthéacs polasaí is leithne a bheidh measúnú, mar a mbeidh fócas soiléir ar ról measúnaithe leis na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú agus le tacú le feabhsú scoileanna i gcoitinne.

INVESTORS IN PEOPLE

Beidh clár tacaíochta agus oiliúna ann ar fud an chórais faoi cheannas CCEA, ag obair i gcomhar leis an tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam de chuid na mBord Oideachais agus Leabharlann, le tacú le cur i bhfeidhm na socruithe measúnaithe do na scileanna traschuraclaim de Chumarsáid, Úsáid Matamaitice agus Úsáid TFC.

Cuirfear tús leis an chlár seo i mí na Samhna 2010 le himeachtaí ardú feasachta do phríomhoidí agus do bhainisteoirí sinsearacha, agus déanfar achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí faoi na socruithe agus faoin chlár oiliúna beartaithe.

Don scoilbhliain 2010-11, beidh an fócas ar fhorbairt na mionsonraí don phróiseas measúnaithe, ar shamhlacha oiliúna píolótacha agus ar chumarsáid agus ardú feasachta sa chóras. I gcaitheamh na tréimhse seo ar fad beidh CCEA ag obair i gcomhar le cleachtóirí agus le ceardchumainn mhúinteoirí agus fócas comhchruinnithe ar **oiliúint lánchórais in 2011-12 do Chumarsáid agus d'Úsáid Matamaitice, agus in 2012-13 d'Úsáid TFC.**

Beidh na Leibhéil Dul Chun Cinn agus treoir thionlacain ar fáil go luath ar shuíomh gréasáin Churaclam TÉ **ach gan iad a úsáid ach ar mhaithe le tagairt agus faisnéis.** Tig leis na daoine sin ar mhaith leo dul i dtaithí ar an ábhar iad a bhreathnú sula gcuirfear tús leis an oiliúint de réir a chéile.

Socruithe atá ann Cheana Féin

Go dtí go dtabharfar na leibhéil dul chun cinn nua isteach, beidh na socruithe measúnaithe idirthréimhseacha agus na leibhéil atá ann cheana féin i bhfeidhm go fóill le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht daltaí i litearthacht agus in uimhearthacht i ndeireadh Eochairchéim 1, 2 agus 3; leis an fheidhmíocht a thuairisciú dá dtuismitheoirí; agus le faisnéis a bhailiú agus a thuairisciú ag leibhéal córais ar ghnóthachtáil i litearthacht agus in uimhearthacht.

Mise le meas

Katrina Godfrey

KATRINA GODFREY
Stiúrthóir – Stiúrthóireacht Caighdeán, Cáilíochtaí & Curaclaim